Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12952/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0291(COD)**

**CODEC 1379**
**MI 692**
**ENT 129**
**ECO 81**
**IND 374**
**TELECOM 383**
**PE 110**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/53/AE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh trealaimh raidió<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 3 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2022) |

# I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint Tomhaltóra (IMCO), Anna CAVAZZINI (Na Glasaigh/SCE, DE), thar ceann an Choiste, leasú comhréitigh (leasú 54) ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an seisiún iomlánach an 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 54) ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**
**(4.10 2022)**

## Treoir maidir le Trealamh Raidió: luchtaire coiteann do ghléasanna leictreonacha ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/53/AE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh (COM(2021)0547 – C9-0366/2021 – 2021/0291(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0547),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0366/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 8 Nollaig 2021[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 29 Meitheamh 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0129/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

[1] IO C 152, 6.4.2022, lch. 82.

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2021)0291**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Deireadh Fómhair 2022 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/53/AE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 152, 6.4.2022, lch. 82.

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceann de chuspóirí Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] is ea dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. De bhun Airteagal 3(3), pointe (a), den Treoir sin, ceann de na ceanglais riachtanacha nach mór do threalamh raidió a chomhlíonadh is ea go n-idiroibríonn sé le gabhálais, go háirithe le luchtairí uilíocha. I ndáil leis sin, léirítear le Treoir 2014/53/AE go ndéanann idir-inoibritheacht idir trealamh raidió agus gabhálais amhail luchtairí úsáid trealaimh raidió a shimpliú agus dramhaíl neamhriachtanach agus costais neamhriachtanacha a laghdú ***agus gur gá luchtaire uilíoch a fhorbairt le haghaidh catagóirí nó aicmí áirithe trealaimh raidió, go háirithe ar mhaithe le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile.***

(2) Ó 2009 i leith, tá iarrachtaí á ndéanamh ar leibhéal an Aontais chun ilroinnt mhargadh na gcomhéadan luchtúcháin le haghaidh gutháin phóca agus ítimí trealaimh raidió den tsamhail chéanna a theorannú. Cé gur méadaíodh leibhéal cóineasaithe na ngléasanna luchtúcháin, arb ionann iad agus cuid an tsoláthair cumhachta sheachtraigh de luchtairí, agus gur laghdaíodh líon na réiteach luchtúcháin éagsúil atá ar fáil ar an margadh, mar gheall ar thionscnaimh dheonacha a rinneadh le déanaí, leis na tionscnaimh sin, ní chomhlíontar go hiomlán cuspóirí beartais an Aontais maidir leis an áisiúlacht do thomhaltóirí a áirithiú, dramhaíl leictreonach (r-dhramhaíl) a laghdú, agus ilroinnt mhargadh na ngléasanna luchtúcháin a sheachaint**.**

[1] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n- aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

(3) Tá an tAontas tiomanta d'úsáid éifeachtúil acmhainní a neartú trí bhogadh i dtreo geilleagar glan ciorclach trí thionscnaimh amhail Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a thabhairt isteach agus, le déanaí, tríd an gComhaontú Glas don Eoraip, mar a leag an Coimisiún amach sa teachtaireacht uaidh an 11 Nollaig 2019, a thabhairt isteach. Is é is aidhm don Treoir seo laghdú a dhéanamh ar an r-dhramhaíl a ghintear trí threalamh raidió a dhíol, agus laghdú a dhéanamh ar eastóscadh amhábhar agus ar astaíochtaí $CO_2$ a ghintear le táirgeadh, iompar agus diúscairt luchtairí, agus geilleagar ciorclach a chur chun cinn ar an gcaoi sin.

(4) Le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin don Gheilleagar Ciorclach, a leagtar amach sa teachtaireacht uaidh an 11 Márta 2020, rinneadh foráil maidir le tionscnaimh ar feadh shaolré iomlán na dtáirgí, lena ndírítear ar dhearadh na dtáirgí sin, lena gcuirtear próisis an gheilleagair chiorclaigh chun cinn, lena gcothaítear an tomhaltas inbhuanaithe, agus arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéanfar na hacmhainní a úsáidtear a choinneáil i ngeilleagar an Aontais chomh fada agus is féidir.

(5) Rinne an Coimisiún measúnú tionchair, inar léiríodh nach bhfuil lántairbhe á baint as an margadh inmheánach, mar is é easpa áisiúlachta do thomhaltóirí agus méadú ar an r-dhramhaíl an toradh atá ar ilroinnt leanúnach mhargadh na gcomhéadan luchtúcháin agus na bprótacal cumarsáide luchtúcháin le haghaidh gutháin phóca agus trealamh raidió eile den tsamhail chéanna.

---

1 Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

(6) Cuirtear bac ar idir-inoibritheacht idir trealamh raidió agus gabhálais, amhail luchtairí, ós rud é go bhfuil comhéadain dhifriúla luchtúcháin ann do chatagóirí áirithe nó d'aicmí áirithe de threalamh raidió a úsáideann luchtú sreinge, amhail gutháin phóca iniompartha, táibléid, ceamaraí digiteacha, cluasáin nó ceannfhearais, consóil físchluichí láimhe**,** callairí iniompartha, ***ríomhléitheoirí, méarchláir, lucha, córais loingseoireachta iniompartha, cluasáin bhachlóige agus ríomhairí glúine.*** Ina theannta sin, tá roinnt cineálacha prótacal cumarsáide mearluchtúcháin ann nach ndéantar íosleibhéal feidhmíochta a ráthú ina leith i gcónaí. Mar thoradh air sin, tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun leibhéal comhchoiteann idir-inoibritheachta a chur chun cinn, sin agus soláthar faisnéise a bhaineann le saintréithe luchtaithe trealaimh raidió do ***thomhaltóirí agus*** d'úsáideoirí deiridh ***eile***. Dá bhrí sin, is gá ceanglais oiriúnacha a thabhairt isteach i dTreoir 2014/53/AE maidir leis na prótacail chumarsáide luchtúcháin, na comhéadain luchtúcháin, i.e. gabhdán luchtúcháin, de chatagóirí nó aicmí áirithe de threalamh raidió, chomh maith leis an bhfaisnéis atá le soláthar ***do thomhaltóirí agus*** d'úsáideoirí deiridh ***eile*** maidir le saintréithe luchtúcháin na gcatagóirí sin nó na n-aicmí sin de threalamh raidió***, amhail faisnéis faoin gcumhacht íosta agus uasta is gá chun an trealamh raidió a luchtú. Ba cheart a léiriú, leis an gcumhacht íosta, suim na cumhachta a theastaíonn ón trealamh raidió chun a oibriú a chothabháil agus an chumhacht íosta a theastaíonn óna cheallra chun tús a chur le luchtú. Ba cheart a léiriú, leis an gcumhacht uasta, suim na cumhachta a theastaíonn ón trealamh raidió chun a oibriú a chothabháil agus an chumhacht is gá chun an luas uasta luchtúcháin a bhaint amach.***

(7) Mar gheall ar an easpa comhchuibhithe i leith na gcomhéadan luchtúcháin agus na bprótacal cumarsáide luchtúcháin, d'fhéadadh difríochtaí suntasacha a bheith ann idir forálacha nó cleachtais reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin na mBallstát maidir le hidir-inoibritheacht guthán póca agus catagóirí nó aicmí den tsamhail chéanna de threalamh raidió lena ngléasanna luchtúcháin, agus maidir le soláthar trealaimh raidió gan gléasanna luchtúcháin.

(8) Mar gheall ar mhéid an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh gutháin phóca in-athluchtaithe agus catagóirí nó aicmí den tsamhail chéanna de threalamh raidió, ar leathadh cineálacha éagsúla de ghléasanna luchtúcháin le haghaidh trealamh raidió den sórt sin***,*** ar an ***easpa idir-inoibritheachta idir trealamh raidió agus gléasanna luchtúcháin*** agus ar thrádáil shuntasach trasteorann sna táirgí sin, tá gá le gníomhaíocht reachtach níos láidre ar leibhéal an Aontais seachas gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta nó beartais dheonacha, chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a bhaint amach, ***agus an áisiúlacht do thomhaltóirí á háirithiú agus dramhaíl chomhshaoil á laghdú ag an am céanna***.

(9) Na comhéadain luchtúcháin agus na prótacail chumarsáide luchtúcháin le haghaidh catagóirí sonracha nó aicmí sonracha de threalamh raidió a athluchtaítear trí bhíthin luchtú sreinge, is gá, dá bhrí sin, iad a chomhchuibhiú. Is gá freisin an bonn a sholáthar ionas gur féidir ***oiriúnú*** d'aon dul chun cinn ***eolaíoch agus*** teicneolaíoch ***amach anseo*** nó d'***fhorbairtí sa mhargadh amach anseo, rudaí a ndéanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach orthu***. ***Go háirithe, ba cheart tabhairt isteach*** chomhchuibhiú na gcomhéadan luchtúcháin agus na bprótacal cumarsáide luchtúcháin ***a bhreithniú amach anseo freisin*** i ndáil le trealamh raidió a d'fhéadfaí a luchtú ar aon mhodh seachas ar luchtú sreinge, lena n-áirítear luchtú trí bhíthin radathonnta (luchtú gan sreang). ***Thairis sin, ba cheart cuimsiú catagóirí nó aicmí breise trealaimh raidió a athluchtaítear trí bhíthin luchtú sreinge a bhreithniú go córasach i gcomhthéacs oiriúnú na réiteach luchtúcháin comhchuibhithe amach anseo, ar choinníoll gurb indéanta go teicniúil comhtháthú na réiteach luchtúcháin comhchuibhithe do na catagóirí nó na haicmí breise sin de threalamh raidió.*** Le comhchuibhiú, ba cheart ***na cuspóirí a shaothrú*** maidir leis an áisiúlacht do thomhaltóirí a áirithiú, dramhaíl chomhshaoil a laghdú agus ilroinnt an mhargaidh a sheachaint idir comhéadain luchtúcháin éagsúla, prótacail chumarsáide luchtúcháin éagsúla, agus idir tionscnaimh ar bith ar an leibhéal náisiúnta, rudaí a d'fhéadfadh bacainní a chur ar thrádáil sa mhargadh inmheánach. ***Leis an oiriúnú a dhéanfar amach anseo ar chomhchuibhiú na gcomhéadan luchtúcháin agus na bprótacal cumarsáide luchtúcháin, ba cheart leanúint de na cuspóirí sin a shaothrú trína áirithiú go n-ionchorprófar leis na réitigh theicniúla is iomchuí le haghaidh comhéadain luchtúcháin agus prótacail chumarsáide luchtúcháin d'aon mhodh luchtúcháin.***

***Ba cheart a léiriú, leis na réitigh luchtúcháin chomhchuibhithe an teaglaim is iomchuí idir glacadh an mhargaidh a bhaint amach mar aon leis na cuspóirí a bhaint amach maidir leis an áisiúlacht do thomhaltóirí a áirithiú, an dramhaíl chomhshaoil a laghdú agus ilroinnt an mhargaidh a sheachaint. Ba cheart caighdeáin theicniúla ábhartha lena gcomhlíontar na cuspóirí sin agus a forbraíodh ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal idirnáisiúnta a úsáid go príomha chun réitigh luchtúcháin den sórt sin a roghnú. I gcásanna eisceachtúla ina bhfuil gá le sonraíocht theicniúil atá ann cheana a thabhairt isteach, a chur leis nó a mhodhnú in éagmais caighdeáin Eorpacha nó caighdeáin idirnáisiúnta atá ar fáil go poiblí lena gcomhlíontar na cuspóirí sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann sonraíochtaí teicniúla eile a leagan amach, ar choinníoll gur forbraíodh na sonraíochtaí teicniúla sin i gcomhréir le critéir na hoscailteachta, na comhthola agus na trédhearcachta, agus go gcomhlíontar leo ceanglais na neodrachta agus na cobhsaíochta, dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Ní mór do na geallsealbhóirí earnála ábhartha uile a bhfuil ionadaíocht acu ar Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le Trealamh Raidió a bheith rannpháirteach sa phróiseas le linn oiriúnú na réiteach luchtúcháin comhchuibhithe.***

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

(10) Bheadh comhchuibhiú den sórt sin neamhiomlán, áfach, mura gcomhcheanglófaí é le ceanglais maidir le díol comhcheangailte trealaimh raidió agus a luchtairí, agus maidir le faisnéis atá le soláthar ***do thomhaltóirí agus*** d'úsáideoirí deiridh ***eile***. Le hilroinnt na gcineálacha cur chuige i measc na mBallstát maidir le margú na gcatagóirí nó na n-aicmí lena mbaineann de threalamh raidió agus a ngléasanna luchtúcháin, chuirfí bac ar thrádáil trasteorann na dtáirgí sin, mar shampla trína chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha a dtáirgí a athphacáistiú ag brath ar an mBallstát ina mbeadh na táirgí le soláthar. Is é an toradh a bheadh air sin go mbeadh tuilleadh mí-áisiúlachta ann do thomhaltóirí agus go nginfí r-dhramhaíl neamhriachtanach, rud a dhéanfadh na sochair a eascraíonn as comhchuibhiú na gcomhéadan luchtúcháin agus na bprótacal cumarsáide luchtúcháin a fhrithchúiteamh. Dá bhrí sin, is gá ceanglais a fhorchur chun a áirithiú nach mbeidh sé d'oibleagáid ar ***thomhaltóirí agus*** úsáideoirí deiridh ***eile*** gléas luchtúcháin nua a cheannach gach uair a cheannaíonn siad guthán póca nua nó ítim de trealaimh raidió den tsamhail chéanna. ***Le díchuachadh gléasanna luchtúcháin ó dhíol trealaimh raidió, sholáthrófaí do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile roghanna inbhuanaithe, tarraingteacha, áisiúla a bheadh ar fáil. Agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm na gceanglas, ar threochtaí an mhargaidh atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí teicneolaíocha, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an gceanglas a leathnú i ndáil le gléasanna luchtúcháin a sholáthar in éineacht leis an trealamh raidió chuig cáblaí agus/nó díchuachadh éigeantach a thabhairt isteach chun a áirithiú go saothrófar ar an mbealach is éifeachtaí na cuspóirí maidir leis an áisiúlacht do thomhaltóirí a áirithiú agus an dramhaíl chomhshaoil a laghdú.*** Chun éifeachtacht ceanglas den sórt sin a áirithiú, ba cheart do ***thomhaltóirí agus*** d'úsáideoirí ***eile*** an fhaisnéis is gá maidir leis na saintréithe luchtaithe a fháil agus iad ag ceannach guthán póca nó ítim de threalamh raidió den tsamhail chéanna. ***Le picteagram tiomnaithe, chuirfí ar chumas tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil gléas luchtúcháin san áireamh leis an trealamh raidió sula gceannaítear é. Ba cheart an picteagram a bheith ar taispeáint i gcás gach cineáil soláthair, lena n-áirítear trí bhíthin ciandíola.***

(11) Tá sé indéanta go teicniúil a shainiú gurb é USB Type-C an gabhdán luchtúcháin uilíoch le haghaidh na gcatagóirí nó na n-aicmí ábhartha de threalamh raidió***, go háirithe toisc go bhfuil siad in ann cheana an gabhdán sin a chomhtháthú***. Glacadh an teicneolaíocht USB Type-C, teicneolaíocht atá in úsáid ar fud an domhain, ar leibhéal an chaighdeánaithe idirnáisiúnta agus rinne Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) í a thrasuí sa chóras Eorpach faoi Chaighdeán Eorpach EN IEC ***62680-1-3:2021 'Comhéadain bus uilíoch shrathaigh le haghaidh sonraí agus cumhachta - Cuid 1-3: Comhpháirteanna coitianta – Sonraíocht um Chábla agus Nascóir USB Type-C®'.***

(12) Teicneolaíocht atá i gcoiteann cheana féin ag go leor catagóirí nó aicmí de threalamh raidió is ea USB Type-C toisc go soláthraítear leis luchtú ardchaighdeáin agus aistriú ardchaighdeáin sonraí. An gabhdán luchtúcháin USB Type-C, nuair a chomhcheanglaítear é leis an bprótacal cumarsáide luchtúcháin maidir le USB Power Delivery, tá sé in ann suas le 100 Vata de chumhacht a sholáthar, rud a fhágann, dá bhrí sin, go bhfuil neart solúbthachta ann fós chun réitigh mearluchtaithe a fhorbairt a thuilleadh, agus a fhágann ag an am céanna gur féidir cúram a dhéanamh sa mhargadh de ghléasanna íseal-leibhéil nach bhfuil gá acu leis an mearluchtú. Gutháin phóca agus trealamh raidió den tsamhail chéanna a bhfuil mearluchtú ar fáil dóibh, is féidir leo gnéithe USB Power Delivery a ionchorprú, gnéithe mar a thuairiscítear i gcaighdeán EN IEC ***62680-1-2:2021*** 'Comhéadain bus uilíoch shrathaigh le haghaidh sonraí agus cumhachta – Cuid 1-2: Comhpháirteanna coitianta - Sonraíocht maidir le USB Power Delivery'. ***Tá sonraíochtaí USB faoi réir forbairt leanúnach. Maidir leis sin, d'fhorbair Fóram Lucht Cur Chun Feidhme USB leagan cothrom le dáta den tsonraíocht USB Power Delivery, lena gcumasaítear cumhachtaí suas le 240 Vata a chur ar fáil. Rinneadh oiriúnuithe freisin ar shonraíocht USB Type-C, lena leathnófar na ceanglais maidir le nascóirí agus cáblaí a bheith ag freastal ar chumhachtaí suas le 240 Vata. Leis sin, beifear in ann trealamh raidió ar a mbíonn leibhéil chumhachta den sórt sin de dhíth a bhreithniú lena chur go hionchasach ar an liosta de threalamh raidió a chumhdaítear leis an Treoir seo.***

(13) Maidir le luchtú trí mhodhanna eile seachas luchtú sreinge, d'fhéadfaí réitigh éagsúla a fhorbairt amach anseo, réitigh a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an idir-inoibritheacht, ar an áisiúlacht do thomhaltóirí agus ar an gcomhshaol. Cé go bhfuil sé róluath ceanglais shonracha a fhorchur ar réitigh den sórt sin ag an gcéim seo, ba cheart don Choimisiún ▌ gníomhú chun réitigh den sórt sin ***a chur chun cinn agus*** a chomhchuibhiú chun ***go seachnófar*** ▌ ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh amach anseo ▌.

(14) Ba cheart Treoir 2014/53/AE a leasú chun forálacha maidir le comhéadain luchtúcháin agus prótacail chumarsáide luchtúcháin a chur san áireamh. Ba cheart na catagóirí nó na haicmí de threalamh raidió a chumhdaítear go sonrach leis na forálacha nua a mhionsonrú a thuilleadh in iarscríbhinn nua a ghabhann leis an Treoir sin. ***Laistigh de na catagóirí nó na haicmí sin de threalamh raidió, ní bhaineann sé ach le trealamh raidió le ceallra inbhainte nó leabaithe in-athluchtaithe. A mhéid a bhaineann le ceamaraí digiteacha, is é an trealamh raidió lena mbaineann aon cheamara digiteach grianghraf agus físcheamara digiteach, lena n-áirítear ceamaraí gníomhaíochta. Maidir le ceamaraí digiteacha a dheartar go heisiach d'earnáil an chlosamhairc nó don earnáil slándála agus faireachais, níor cheart ceangal a bheith orthu an réiteach luchtúcháin comhchuibhithe a chomhtháthú. A mhéid a bhaineann le cluasáin bhachlóige, déantar an trealamh raidió lena mbaineann a mheas in éineacht lena chás luchtúcháin tiomnaithe nó lena bhosca luchtúcháin tiomnaithe, ós rud é gurb annamh go ndéantar cluasáin bhachlóige a dhealú óna gcás luchtúcháin ná óna mbosca luchtúcháin nó ós rud é nach ndéantar iad a dhealú riamh uathu mar gheall ar a méid sonrach agus a gcruth sonrach. Ní mheastar gur cuid den ghléas luchtúcháin é an cás luchtúcháin nó an bosca luchtúcháin le haghaidh an chineáil shonraigh trealaimh raidió sin. A mhéid a bhaineann le ríomhairí glúine, is é an trealamh raidió lena mbaineann aon ríomhaire iniompartha, lena n-áirítear ríomhairí glúine, ríomhairí ultrai-iniompartha, ríomhairí hibrideacha nó ríomhairí in-chomhshóite agus mionríomhairí glúine.***

(15) Ba cheart Treoir 2014/53/AE a leasú freisin chun ceanglais a thabhairt isteach maidir le soláthar catagóirí nó aicmí áirithe de threalamh raidió gan gléasanna luchtúcháin. Ba cheart na catagóirí nó aicmí lena mbaineann de threalamh raidió, chomh maith leis na sonraíochtaí a bhaineann le réitigh luchtúcháin, a shonrú in iarscríbhinn nua a ghabhann leis an Treoir sin.

(16) Le Treoir 2014/53/AE, déantar foráil maidir le faisnéis a áireamh sna treoracha úsáide a ghabhann le trealamh raidió agus, dá bhrí sin, ba cheart ceanglais bhreise faisnéise a chur isteach san Airteagal ábhartha den Treoir sin. Ba cheart ***inneachar*** na gceanglas nua a shonrú in iarscríbhinn nua a ghabhann leis an Treoir sin. ***Ba cheart*** faisnéis áirithe ***a sholáthar i bhfoirm amhairc do gach cineál soláthair, lena n-áirítear trí bhíthin ciandíola. Le lipéad tiomnaithe lena léirítear na sonraíochtaí a bhaineann le cumais luchtúcháin agus gléasanna luchtúcháin comhoiriúnacha, chuirfí ar chumas*** tomhaltóirí ***agus úsáideoirí deiridh eile*** a chinneadh cén gléas luchtúcháin is iomchuí a bheadh ag teastáil chun a dtrealamh raidió a luchtú. ***Chun foinse tagartha úsáidí a sholáthar le linn shaolré an trealaimh raidió, ba cheart an fhaisnéis faoi na sonraíochtaí a bhaineann leis na cumais luchtúcháin agus na gléasanna luchtúcháin comhoiriúnacha a áireamh freisin sna treoracha agus san fhaisnéis sábháilteachta a ghabhann leis an trealamh raidió.*** Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann na ceanglais faisnéise sin a oiriúnú amach anseo chun aon athrú ar na ceanglais lipéadaithe a léiriú, ***go háirithe*** do ghléasanna luchtúcháin, arb athruithe iad a d'fhéadfaí a thabhairt isteach faoi Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. ***Leis na ceanglais faisnéise sin, ba cheart, go háirithe, forbairt na réiteach luchtúcháin comhchuibhithe a léiriú agus ba cheart na ceanglais sin a oiriúnú dá réir. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí smaoineamh freisin ar chóras cód dathanna a áireamh.***

[1] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

***(17) Agus é á chur san áireamh go bhféadfadh allmhaireoirí agus dáileoirí trealamh raidió a sholáthar go díreach do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile freisin, ba cheart iad a bheith faoi réir oibleagáidí arb ionann iad agus na hoibleagáidí is infheidhme maidir le monaróirí i ndáil leis an bhfaisnéis atá le soláthar nó le taispeáint. Ba cheart a cheangal ar gach oibreoir eacnamaíoch an oibleagáid a chomhlíonadh i ndáil leis an bpicteagram lena léirítear cé acu atá nó nach bhfuil gléas luchtúcháin san áireamh leis an trealamh raidió agus trealamh raidió á chur ar fáil do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile. Dá bhrí sin, d'féadfadh allmhaireoirí agus dáileoirí cuachta a thairiscint, lena n-áireofaí an trealamh raidió agus a ghléas luchtúcháin, fiú nuair a sholáthraíonn an monaróir trealamh raidió den sórt sin gan gléas luchtúcháin, ar choinníoll go dtabharfadh na hallmhaireoirí agus na dáileoirí an deis do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile freisin an trealamh raidió a fháil gan aon ghléas luchtúcháin.***

(18) Le Treoir 2014/53/AE, leagtar amach na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta. Ba cheart í a leasú chun tagairtí do cheanglais riachtanacha nua a chur isteach. Dá bhrí sin, ba cheart an rogha a bheith ag monaróirí nós imeachta um rialú inmheánach táirgthe a úsáid chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais riachtanacha nua.

*(19) Chun a áirithiú go mbeidh na modhanna nós imeachta ag na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh chun comhlíonadh na gceanglas nua maidir leis na comhéadain luchtúcháin chomhchuibhithe agus na prótacail chumarsáide luchtúcháin a fhorfheidhmiú, chomh maith leis na ceanglais sin maidir le trealamh raidió a sholáthar faoi réir comhchuibhiú den sórt sin, ba cheart Treoir 2014/53/AE a oiriúnú dá réir. Go háirithe, ba cheart tagairt shainráite a áireamh d'easpa chomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach, lena n-áirítear freisin na forálacha nua maidir le sonraíochtaí a bhaineann le cumais luchtúcháin agus le gléasanna luchtúcháin chomhoiriúnacha. Ós rud é go mbaineann na forálacha nua sin le gnéithe idir-inoibritheachta, is é an cuspóir a bheadh ann léirmhínithe éagsúla a sheachaint i dtaobh an bhféadfaí an nós imeachta a leagtar síos i dTreoir 2014/53/AE a thionscnamh freisin i leith trealamh raidió nach baol é do shláinte ná do shábháilteacht daoine nó do ghnéithe eile de chosaint an leasa phoiblí.*

*(20) Le Treoir 2014/53/AE, leagtar amach cásanna de neamhchomhlíonadh foirmiúil. Ós rud é go dtugtar isteach leis an Treoir seo ceanglais nua is infheidhme maidir le catagóirí nó aicmí áirithe de threalamh raidió, ba cheart Treoir 2014/53/AE a leasú ionas go mbeidh na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh in ann comhlíonadh na gceanglas nua a fhorfheidhmiú go héifeachtach.*

***(21)*** Ba cheart Treoir 2014/53/AE a leasú freisin chun na tagairtí ***atá inti*** a oiriúnú do na ***ceanglais*** nua a thugtar isteach leis an Treoir seo.

(22) Is gá an idir-inoibritheacht uilíoch íosta a áirithiú idir trealamh raidió agus na gléasanna luchtúcháin do threalamh raidió den sórt sin, ***agus aghaidh a thabhairt ar aon fhorbairtí sa mhargadh a bheidh ann amach anseo, amhail teacht chun cinn catagóirí nua nó aicmí nua de threalamh raidió ar ina leith a tharlaíonn méid suntasach ilroinnte maidir leis na comhéadain luchtúcháin agus na prótacail chumarsáide luchtúcháin, agus ar aon fhorbairtí sa teicneolaíocht luchtúcháin. Is gá freisin leasuithe a dhéanfar amach anseo ar cheanglais lipéadaithe, amhail le haghaidh gléasanna luchtúcháin nó cáblaí luchtúcháin, nó aon dul chun cinn teicneolaíoch eile a léiriú***. Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún ***i dtaca le leasú a dhéanamh*** ar chatagóirí nó aicmí de threalamh raidió agus na sonraíochtaí a bhaineann leis na comhéadain luchtúcháin agus na prótacail chumarsáide luchtúcháin ***do gach aon cheann acu agus i dtaca le leasú a dhéanamh ar na ceanglais*** faisnéise ***maidir leis na comhéadain*** luchtúcháin ***agus na prótacail chumarsáide luchtúcháin***. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/53/AE a leasú dá réir.

(24) Ba cheart dóthain ama a thabhairt d’oibreoirí eacnamaíocha chun dul ar aghaidh leis na hoiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh ar an trealamh raidió a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, trealamh a bhfuil sé beartaithe acu é a chur ar mhargadh an Aontais**,**

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2014/53/AE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (a):

‘(a) idir-oibríonn trealamh raidió le gabhálais seachas na gléasanna luchtúcháin le haghaidh catagóirí nó aicmí de threalamh raidió, a shonraítear i gCuid I d’Iarscríbhinn Ia, dá dtagraítear go sonrach i mír 4 den Airteagal seo;’

(b) cuirtear an mhír seo a leanas léi:

‘4. Trealamh raidió a thagann faoi na catagóirí nó na haicmí a shonraítear i gCuid I d’Iarscríbhinn Ia, déanfar é sa tslí go gcomhlíonfaidh sé na sonraíochtaí a bhaineann le ***cumais*** luchtúcháin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin le haghaidh na catagóire ábhartha nó na haicme ábhartha de threalamh raidió.

Maidir le trealamh raidió is féidir a athluchtú trí bhíthin luchtú sreinge, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 44 chun ***Cuid I d'***Iarscríbhinn Ia a leasú i bhfianaise dul chun cinn ***eolaíoch agus teicneolaíoch nó forbairtí sa mhargadh*** chun idir-inoibritheacht uilíoch íosta a áirithiú idir trealamh raidió agus a ghléasanna luchtúcháin ***agus chun an áisiúlacht do thomhaltóirí a fheabhsú, chun dramhaíl chomhshaoil a laghdú agus chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint,*** tríd an méid seo a leanas:

(a) catagóirí nó aicmí de threalamh raidió a mhodhnú, a chur léi nó a bhaint;

(b) sonraíochtaí teicniúla a mhodhnú, a chur léi nó a bhaint, lena n-áirítear tagairtí agus tuairiscí, i ndáil leis an ngabhdán luchtúcháin nó na gabhdáin luchtúcháin agus leis an bprótacal cumarsáide luchtúcháin nó na prótacail chumarsáide luchtúcháin, le haghaidh gach catagóire nó aicme lena mbaineann de threalamh raidió. ▌

***Déanfaidh an Coimisiún measúnú leanúnach ar fhorbairtí sa mhargadh, ar ilroinnt an mhargaidh agus ar an dul chun cinn teicneolaíoch d'fhonn catagóirí nó aicmí de threalamh raidió a shainaithint ar féidir iad a athluchtú trí bhíthin luchtú sreinge a bhfágfadh a áireamh i gCuid I d'Iarscríbhinn Ia go méadófaí an áisiúlacht do thomhaltóirí go suntasach agus go laghdófaí dramhaíl chomhshaoil go suntasach.***

***Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar an measúnú dá dtagraítear sa tríú fomhír faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, den chéad uair faoin ... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, agus glacfaidh sé gníomhartha tarmligthe de bhun an dara fomhír, pointe (a), dá réir.***

Maidir le trealamh raidió is féidir a athluchtú trí mhodhanna eile seachas luchtú sreinge, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 44 chun ***Cuid I d'***Iarscríbhinn Ia a leasú i bhfianaise dul chun cinn ***teicneolaíoch agus eolaíoch nó forbairtí sa mhargadh*** chun idir-inoibritheacht uilíoch íosta a áirithiú idir trealamh raidió agus a ghléasanna luchtúcháin ***agus chun an áisiúlacht do thomhaltóirí a fheabhsú, chun dramhaíl chomhshaoil a sheachaint agus chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint,*** tríd an méid seo a leanas:

(a) catagóirí nó aicmí de threalamh raidió a thabhairt isteach, a mhodhnú, a chur léi nó a bhaint;

(b) sonraíochtaí teicniúla a thabhairt isteach, a mhodhnú, a chur léi nó a bhaint, lena n-áirítear tagairtí agus tuairiscí, i ndáil le comhéadan luchtúcháin nó comhéadain luchtúcháin agus prótacal cumarsáide luchtúcháin nó prótacail chumarsáide luchtúcháin, le haghaidh gach catagóire nó aicme lena mbaineann de threalamh raidió.

*Iarrfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, agus faoin ... [24 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], ar cheann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcomhéadan luchtúcháin nó na comhéadain luchtúcháin agus maidir leis an bprótacal cumarsáide luchtúcháin nó na prótacail chumarsáide luchtúcháin do threalamh raidió is féidir a athluchtú trí mhodhanna eile seachas luchtú sreinge. I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gcoiste a bunaíodh faoi Airteagal 45(1) den Treoir seo. Beidh na ceanglais maidir le hinneachar na gcaighdeán comhchuibhithe arna n-iarraidh bunaithe ar mheasúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún ar staid reatha na dteicneolaíochtaí luchtúcháin gan sreang do threalamh raidió, lena gcumhdaítear, go háirithe, forbairtí sa mhargadh, dul i bhfód ar an margadh, ilroinnt an mhargaidh, feidhmíocht theicneolaíoch, idir-inoibritheacht, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht luchtúcháin.*

*Agus na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear san Airteagal seo á n-ullmhú i ndáil le trealamh raidió is féidir a athluchtú trí bhíthin luchtú sreinge, agus maidir le trealamh raidió is féidir a athluchtú trí mhodhanna eile seachas luchtú sreinge, cuirfidh an Coimisiún san áireamh a mhéid a ghlacann an margadh leis na sonraíochtaí teicniúla atá á mbreithniú, an áisiúlacht do thomhaltóirí a bhíonn mar thoradh air sin agus a mhéid a laghdófar dramhaíl chomhshaoil agus ilroinnt an mhargaidh lenar féidir a bheith ag súil mar gheall ar shonraíochtaí teicniúla den sórt sin. Maidir le sonraíochtaí teicniúla atá bunaithe ar chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta ábhartha atá ar fáil, measfar go gcomhlíontar leo na cuspóirí a leagtar amach san abairt roimhe seo. Mar sin féin, i gcás nach ann do chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta den sórt sin, nó i gcásanna ina gcinneann an Coimisiún, bunaithe ar a mheasúnú teicniúil, nach gcomhlíontar leo na cuspóirí sin ar bhealach optamach, féadfaidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla eile a leagan amach lena gcomhlíontar na cuspóirí sin ar bhealach níos fearr.*';

(2) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 3a

Deis do ***thomhaltóirí agus*** d'úsáideoirí deiridh ***eile*** catagóirí nó aicmí áirithe de threalamh raidió a fháil gan gléas luchtúcháin

***1.*** I gcás ina dtugann oibreoir eacnamaíoch an deis do ***thomhaltóirí agus*** d'úsáideoirí deiridh ***eile*** an trealamh raidió ***dá dtagraítear in*** Airteagal 3(4) a fháil in éineacht le gléas luchtúcháin, tabharfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch an deis do ***thomhaltóirí agus d'úsáideoirí*** deiridh ***eile*** an trealamh raidió sin a fháil gan aon ghléas luchtúcháin.

***2. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha go mbeidh an fhaisnéis faoi cé acu atá nó nach bhfuil gléas luchtúcháin san áireamh leis an trealamh raidió dá dtagraítear in Airteagal 3(4) ar taispeáint i bhfoirm ghrafach agus úsáid á baint as picteagram atá soláimhsithe agus inrochtana go héasca mar a leagtar amach i gCuid III d'Iarscríbhinn Ia nuair a chuirtear trealamh raidió den sórt sin ar fáil do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile. Déanfar an picteagram a chló ar an bpacáistíocht nó a ghreamú den phacáistíocht mar ghreamán. Nuair a chuirtear an trealamh raidió ar fáil do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile, beidh an picteagram ar taispeáint ar bhealach infheicthe agus inléite agus, i gcás ciandíola, gar don léiriú praghais.***

***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 44 chun Cuid III d'Iarscríbhinn Ia a leasú mar thoradh ar leasuithe ar Chodanna I agus II den Iarscríbhinn sin, nó mar thoradh ar leasuithe a dhéanfar amach anseo ar cheanglais lipéadaithe, nó i bhfianaise dul chun cinn teicneolaíoch, trí aon eilimintí grafacha nó téacsúla a thabhairt isteach, a mhodhnú, a chur léi nó a bhaint.***';

(3) ▌ in Airteagal 10, ***cuirtear an méid seo*** a leanas ***in ionad*** mhír 8 ▌ :

▌

'***8. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an trealamh raidió. Áireofar sna treoracha an fhaisnéis is gá chun trealamh raidió a úsáid i gcomhréir leis an úsáid atá beartaithe dó. Áireofar ar fhaisnéis den sórt sin, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar ghabhálais agus ar chomhpháirteanna, lena n-áirítear bogearraí, lenar féidir leis an trealamh raidió oibriú mar atá beartaithe. Beidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta den sórt sin, chomh maith le haon lipéadú, soiléir sothuigthe inléite.***

***Áireofar an fhaisnéis seo a leanas freisin sna treoracha i gcás trealamh raidió a astaíonn radathonnta d'aon ghnó:***

***(a)*** ***banda minicíochta nó bandanna minicíochta ina n-oibríonn an trealamh raidió;***

***(b)*** ***uaschumhacht radaimhinicíochta a tharchuirtear sa bhanda minicíochta nó sna bandaí minicíochta ina n-oibríonn an trealamh raidió.***

***I gcás trealamh raidió dá dtagraítear in*** Airteagal 3(4), beidh faisnéis ***sna treoracha*** faoi ***na*** sonraíochtaí a bhaineann le cumais luchtúcháin an trealaimh raidió agus na ***gléasanna*** luchtúcháin ***comhoiriúnacha***, mar a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn Ia. ***Chomh maith le bheith san áireamh sna treoracha, nuair a chuireann na monaróirí trealamh raidió den sórt sin ar fáil do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile, déanfar an fhaisnéis a thaispeáint ar lipéad freisin, mar a leagtar amach i gCuid IV d'Iarscríbhinn Ia. Déanfar an lipéad a priontáil sna treoracha agus ar an bpacáistíocht, nó déanfar é a ghreamú den phacáistíocht mar ghreamán. In éagmais pacáistíochta, déanfar an greamán ar a bhfuil an lipéad a ghreamú den trealamh raidió. Nuair a chuirfear an trealamh raidió ar fáil do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile, beidh an lipéad ar taispeáint ar bhealach infheicthe agus inléite agus, i gcás ciandíola, gar don léiriú praghais.***
***I gcás nach féidir a mhalairt a dhéanamh de bharr mhéid nó chineál an trealaimh raidió, féadfar an lipéad a phriontáil mar dhoiciméad ar leithligh a ghabhann leis an trealamh raidió.***

***Na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, sa dara fomhír agus sa tríú fomhír den mhír seo, beidh siad i dteanga is féidir le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile a thuiscint gan stró, teanga arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann.***

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 44 chun ***Codanna II agus IV d'Iarscríbhinn Ia a leasú, mar thoradh ar leasuithe ar Chuid I den Iarscríbhinn sin*** ▌***, nó mar thoradh ar leasuithe a dhéanfar amach anseo ar cheanglais lipéadaithe, nó i bhfianaise an dul chun cinn theicneolaíoch,*** trí aon mhionsonraí maidir leis an bhfaisnéis ***nó na heilimintí grafacha nó téacsúla, mar a leagtar amach san Airteagal seo,*** a thabhairt isteach, a mhodhnú, a chur leo nó a bhaint***.'***;

***(4) in Airteagal 12(4), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:***

***'Agus an trealamh raidió dá dtagraítear in Airteagal 3(4) á chur ar fáil do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile, áiritheoidh allmhaireoirí an méid seo a leanas:***

***(a) taispeántar lipéad ar threalamh raidió den sórt sin, nó tá lipéad ag gabháil leis, i gcomhréir le hAirteagal 10(8), an tríú fomhír;***

***(b) tá an lipéad sin ar taispeáint ar bhealach infheicthe agus inléite agus, i gcás ciandíola, gar don léiriú praghais.';***

***(5)*** ***in Airteagal 13(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:***

***'Agus an trealamh raidió dá dtagraítear in Airteagal 3(4) á chur ar fáil do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile, áiritheoidh dáileoirí an méid seo a leanas:***

***(a)*** ***taispeántar lipéad ar threalamh raidió den sórt sin, nó tá lipéad ag gabháil leis, i gcomhréir le hAirteagal 10(8), an tríú fomhír;***

***(b)*** ***tá an lipéad sin ar taispeáint ar bhealach infheicthe agus inléite agus, i gcás ciandíola, gar don tásc praghais.';***

(6) in Airteagal 17(2), an chuid réamhráiteach, cuirtear na focail 'Airteagal 3(1) agus (4)' in ionad na bhfocal 'Airteagal 3(1)';

(7) leasaítear Airteagal 40 mar a leanas:

(a) ***cuirtear*** an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Nós imeachta ar an leibhéal náisiúnta chun déileáil le trealamh raidió a bhfuil riosca ag baint leis nó nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais riachtanacha';

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach ag údaráis de chuid Ballstáit um fhaireachas margaidh lena chreidiúint go bhfuil riosca ag baint leis an trealamh raidió a chumhdaítear leis an Treoir seo do shláinte nó do shábháilteacht daoine nó do ghnéithe eile de chosaint leas an phobail a chumhdaítear leis an Treoir seo, nó nach gcomhlíontar leis an trealamh raidió sin ceann amháin, ar a laghad, de na ceanglais riachtanacha is infheidhme a leagtar amach in Airteagal 3, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an trealamh raidió lena mbaineann, measúnú lena gcumhdaítear na ceanglais ábhartha uile a leagtar síos sa Treoir seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, de réir mar is gá, chun na críche sin.';

(8) in Airteagal 43, leasaítear mír 1 mar a leanas:

***(a) cuirtear na pointí seo a leanas isteach tar éis phointe (f):***

***'(fa) níor tarraingíodh suas i gceart an picteagram dá dtagraítear in Airteagal 3a(2) nó an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 10(8);'***

***'(fb) ní ghabhann an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 10(8) leis an trealamh raidió lena mbaineann;'***

***'(fc) níl an picteagram nó an lipéad greamaithe nó ar taispeáint i gcomhréir le hAirteagal 3a(2) nó le hAirteagal 10(8), faoi seach;';***

***(b)*** ▌ cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

***'(h) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10(8), dearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 10(9) nó an fhaisnéis faoi shrianta úsáide dá dtagraítear in Airteagal 10(10), ní ghabhann siad*** leis an trealamh raidió***;***';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) ní chomhlíontar Airteagal 3a***(1)*** ná ***Airteagal 5***.';

(9) leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an abairt seo a leanas isteach tar éis na chéad abairte:

'Déanfar ***an chumhacht*** chun gníomhartha tarmligthe a ***ghlacadh*** dá dtagraítear in ***Airteagal*** 3(4), ***Airteagal 3a(2), an dara fomhír,*** agus Airteagal 10(8), an ***cúigiú*** fomhír, a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón ... [*dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*]';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3), an dara fomhír, ***Airteagal*** 3(4), ***Airteagal 3a(2), an dara fomhír, Airteagal*** 4(2), ***Airteagal*** 5(2) agus Airteagal 10(8), an ***cúigiú*** fomhír, a chúlghairm tráth aon tráth.';

***(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

***'3a. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.***

---

* ***IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.';***

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3), an dara fomhír, ***Airteagal*** 3(4), ***Airteagal 3a(2), an dara fomhír, Airteagal*** 4(2), ***Airteagal*** 5(2) nó Airteagal 10(8), ***an cúigiú fomhír***, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'

*(10)* *in Airteagal 47, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

*'3a. Faoin ... [4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le tionchar na féidearthachta trealamh raidió a fháil gan aon ghléas luchtúcháin agus gan chábla í, go háirithe maidir leis an áisiúlacht do thomhaltóirí, an laghdú ar dhramhaíl chomhshaoil, athruithe iompraíochta agus forbairt chleachtais an mhargaidh. Beidh togra chun an Treoir seo a leasú ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí, chun díchuachadh éigeantach díol gléasanna luchtúcháin agus cáblaí ó dhíol trealaimh raidió a thabhairt isteach.';*

(11) an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo, cuirtear isteach é mar Iarscríbhinn Ia.

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ... [12 mhí tar éis dháta *theacht i bhfeidhm* na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ... [***24** mhí tar éis dháta **theacht i bhfeidhm na Treorach seo] le haghaidh na gcatagóirí nó na n-aicmí de threalamh raidió dá dtagraítear i gCuid I, pointí 1.1 go 1.12. d' Iarscríbhinn Ia, agus ón ... [40 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] le haghaidh na gcatagóirí nó na n-aicmí de threalamh raidió dá dtagraítear i gCuid I, pointe 1.13. d'Iarscríbhinn Ia.***

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Cinnfidh na Ballstáit an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

IARSCRÍBHINN

‘IARSCRÍBHINN Ia

SONRAÍOCHTAÍ AGUS FAISNÉIS A BHAINEANN LE LUCHTÚ
IS INFHEIDHME MAIDIR LE CATAGÓIRÍ NÓ AICMÍ ÁIRITHE DE THREALAMH RAIDIÓ

CUID I

SONRAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE CUMAIS LUCHTÚCHÁIN

1. ***Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i bpointí 2 agus 3 den Chuid seo maidir leis na catagóirí nó na haicmí de threalamh raidió seo a leanas:***

***1.1.*** gutháin phóca ***iniompartha;***

***1.2.*** táibléid;

***1.3.*** ceamaraí digiteacha;

***1.4.*** cluasáin;

***1.5.*** ceannfhearais;

***1.6.*** consóil físchluichí láimhe ▌;

***1.7.*** callairí iniompartha; ▌

***1.8. ríomhléitheoirí;***

***1.9. méarchláir;***

***1.10. lucha;***

***1.11. córais loingseoireachta iniompartha;***

***1.12. cluasáin bhachlóige;***

***1.13. ríomhairí glúine.***

***2.*** ***A mhéid*** is féidir iad a athluchtú trí bhíthin luchtú sreinge, maidir leis ***na catagóirí nó na haicmí de threalamh raidió seo a leanas dá dtagraítear i bpointe 1 den Chuid seo***:

***2.1.*** feisteofar iad le gabhdán USB Type-C, mar a thuairiscítear i gcaighdeán EN IEC 62680-1-3:2021 "Comhéadain bus uilíoch shrathaigh le haghaidh sonraí agus cumhachta – Cuid 1-3: Comhpháirteanna coitianta - Sonraíocht um ***Chábla*** agus Nascóir ***USB Type-C®***", agus beidh an gabhdán sin inrochtana agus oibríochtúil i gcónaí;

2.2. beifear in ann iad a athluchtú le cáblaí a chomhlíonann caighdeán EN IEC 62680-1-3:2021 "Comhéadain bus uilíoch shrathaigh le haghaidh sonraí agus cumhachta – Cuid 1-3: Comhpháirteanna coitianta – Sonraíocht um ***Chábla*** agus Nascóir ***USB Type-C®***".

***3.*** ***A mhéid*** is féidir iad a athluchtú trí bhíthin luchtú sreinge ag voltais is airde ná 5 Volta▌, sruthanna is airde ná 3 Aimpéar nó cumhachtaí is airde ná 15 Vata, maidir leis ***na catagóirí nó na haicmí de threalamh raidió dá dtagraítear i bpointe 1 den Chuid seo***:

3.1. ionchorprófar iontu USB Power Delivery iontu, mar a thuairiscítear i gcaighdeán EN IEC 62680-1-2:2021 "Comhéadain bus uilíoch shrathaigh le haghaidh sonraí agus cumhachta – Cuid 1-2: Comhpháirteanna coitianta - Sonraíocht maidir le USB Power Delivery";

3.2. áiritheofar leo go gceadófar le haon phrótacal luchtaithe breise feidhmiúlacht iomlán USB Power Delivery dá dtagraítear i bpointe 3.1.***, gan beann ar an ngléas luchtúcháin a úsáidtear.***

CUID II

FAISNÉIS FAOI SHONRAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE CUMAIS LUCHTÚCHÁIN ***AGUS NA GLÉASANNA LUCHTÚCHÁIN COMHOIRIÚNACHA***

I gcás trealamh raidió a thagann faoi raon feidhme Airteagal 3(4), an chéad fhomhír, léireofar an fhaisnéis seo a leanas i ***gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10(8), agus féadfar í a chur ar fáil freisin trí bhíthin cóid QR nó réitigh leictreonacha chomhchosúla:***

***(a)*** ***i gcás gach catagóire nó aicme*** de threalamh raidió ***atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach i gCuid I***, tuairisc ar riachtanais chumhachta na ngléasanna luchtúcháin sreinge is féidir a úsáid leis an trealamh raidió sin, lena n-áirítear an chumhacht ***íosta*** is gá chun an trealamh raidió a luchtú, ***agus an chumhacht uasta is gá chun an trealamh raidió a luchtú ag an luas uasta luchtúcháin*** arna shloinneadh i Vatanna tríd an téacs seo a leanas a thaispeáint: "an chumhacht ▌ arna soláthar leis an luchtaire, ní mór di a bheith ***idir*** [xx] Vata ar a laghad, ***a theastaíonn ón trealamh raidió, agus [yy] Vata ar a mhéad chun an luas uasta luchtúcháin a bhaint amach."*** Le líon na Vatanna, léireofar, faoi seach, an chumhacht íosta a theastaíonn ón trealamh raidió, ***agus an chumhacht uasta a theastaíonn ón trealamh raidió chun an luas uasta luchtúcháin a bhaint amach;***


(b) ***i gcás trealamh raidió atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach i bpointe 3 de Chuid I***, tuairisc ar na sonraíochtaí a bhaineann le cumais luchtúcháin an trealaimh raidió, a mhéid is féidir é a athluchtú trí bhíthin luchtú sreinge ag voltais is airde ná 5 Volta, ag sruthanna is airde ná 3 Aimpéar nó ag cumhachtaí is airde ná 15 Vata, tuairisc lena n-áirítear léiriú go bhfuil an prótacal luchtúcháin maidir le USB Power Delivery ar fáil don trealamh raidió tríd an téacs 'mearluchtú USB PD' a thaispeáint agus léiriú maidir le haon phrótacal luchtúcháin eile atá ar fáil trína ainm a thaispeáint i bhformáid téacs ▌.

## *CUID III*


## *PICTEAGRAM LENA LÉIRÍTEAR CÉ ACU ATÁ NÓ NACH BHFUIL GLÉAS LUCHTÚCHÁIN SAN ÁIREAMH LEIS AN TREALAMH RAIDIÓ*

***1. Beidh an picteagram sna formáidí seo a leanas:***

***1.1. Má tá gléas luchtúcháin san áireamh leis an trealamh raidió:***



*1.2. Mura bhfuil aon ghléas luchtúcháin san áireamh leis an trealamh raidió:*




*2.* ***Féadfar cuma éagsúil a bheith ar an bpicteagram (e.g. ó thaobh a dhatha nó a thiúis líne de nó bíodh sé soladach nó cuasach), ar choinníoll go bhfanann sé infheicthe agus inléite. Má laghdaítear nó má mhéadaítear an picteagram, cloífear leis na comhréireanna a leagtar amach sna líníochtaí i bpointe 1 den Chuid seo. Beidh an toise 'a' dá dtagraítear i bpointe 1 den Chuid seo níos mó ná 7 mm nó cothrom leis, gan beann ar an athrú.***

**CUID IV**

**INNEACHAR AGUS FORMÁID AN LIPÉID**

*1. Beidh an lipéad san fhormáid seo a leanas:*



2. *Cuirfear an figiúr a chomhfhreagraíonn don chumhacht íosta a theastaíonn ón trealamh raidió chun é a luchtú in ionad na litreacha 'XX', lena gcinntear an chumhacht íosta nach mór do ghléas luchtúcháin a sholáthar chun an trealamh raidió a luchtú. Cuirfear an figiúr a chomhfhreagraíonn don chumhacht uasta a theastaíonn ón trealamh raidió chun an luas uasta luchtúcháin a bhaint amach in ionad na litreacha 'YY', lena gcinntear an chumhacht mach mór do ghléas luchtúcháin a sholáthar ar a laghad chun an luas uasta luchtúcháin sin a bhaint amach. Léireofar an giorrúchán 'USB PD' (USB Power Delivery) má tá an prótacal cumarsáide luchtúcháin sin ar fáil don trealamh raidió. Is prótacal é 'USB PD' lena rialaítear an seachadadh srutha is tapúla ón ngléas luchtúcháin go dtí an trealamh raidió gan saolré an cheallra a ghiorrú.*

3. *Féadfar cuma éagsúil a bheith ar an bpicteagram (e.g. ó thaobh a dhatha nó a thiúis líne de nó bíodh sé soladach nó cuasach), ar choinníoll go bhfanann sé infheicthe agus inléite. Má laghdaítear nó má mhéadaítear an lipéad, cloífear leis na comhréireanna a leagtar amach sa líníocht i bpointe 1 den Chuid seo. Beidh an toise 'a' dá dtagraítear i bpointe 1 den Chuid seo níos mó ná 7 mm nó cothrom leis, gan beann ar an athrú.'*